Deontas Costais Maireachtála chun tacú le Bhunscoileanna sa Scéim Oideachais Saor in Aisce

1. Réamhrá

Tugtar le fios i gCiorclán 0088/2024 go bhfuil maoiniú breise á sholáthar mar chuid de bhearta costais maireachtála Bhuiséad 2025. Déantar é seo chun a chinntiú go mbeidh tacaíochtaí airgeadais ar fáil do bhunscoileanna aitheanta sa scéim oideachais saor in aisce chun freastal ar chostais bhreise fuinnimh agus costais reatha mhéadaithe eile ó lá go lá.

1. Príomhghnéithe an deontais

- Déanfar an deontas a ríomh bunaithe ar rollú daltaí aitheanta ar an 30 Meán Fómhair 2023 agus tá sé bunaithe ar íosmhéid 60 dalta rollaithe.

- Tá na rátaí feabhsaithe iníoctha i gcás daltaí atá ag freastal ar scoileanna speisialta, ranganna speisialta *arna gceadú ag an NCSE* agus daltaí den Lucht Siúil atá ag freastal ar scoileanna príomhshrutha.

- Ba cheart do bhoird bhainistíochta leanúint de bheith ag lorg tacaíochta do sholáthar breoslaí téimh agus rátaí leictreachais ó shuíomh gréasáin an Aonaid um Sholáthar Scoileanna www.spu.ie.

3. Rátaí

Rátaí iomlána don Deontas Costais Maireachtála le haghaidh 2024/2025

Rátaí per capita i dtaca le deontas costais maireachtála do Bhunscoileanna aitheanta Scoileanna		
Catagóir	**Faoi 12 bhliain**	**12 bhliain & níos sine**
a) Ráta Príomhshrutha	€36.00	€36.00
b) Scoileanna Náisiúnta a chothabhálann Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW)	€14.40	€14.40

Rátaí Feabhsaithe, lena n-áirítear an ráta Príomhshrutha		
Deontas i gcomhair Lagú Radhairc	€174.00	€174.00
Deontas i gcomhair Lagú Éisteachta	€174.00	€174.00
Deontas i gcomhair Daoine atá Bodhar Amach is Amach	€179.00	€179.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil Phríomhshrutha)	€93.00	€138.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom (Scoil speisialta)	€115.00	€174.00
Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach	€174.00	€174.00
Míchumas Ginearálta Foghlama Trom/Domhain	€179.00	€179.00
Sain-mhíchumas foghlama (Scoil Phríomhshrutha)	€93.00	€138.00
Sain-mhíchumas foghlama (Scoil speisialta)	€115.00	€174.00
Corraíl Mhothúchánach	€174.00	€174.00
Suaitheadh Mothúchánach Trom	€179.00	€179.00
Míchumas Fisiceach	€174.00	€174.00
An tUathachas/Neamhord ar Speictream an Uathachais (ASD)	€179.00	€179.00
Sain-Neamhord Urlabhra agus Teanga	€174.00	€174.00
Níos mó ná aon chineál míchumais amháin	€179.00	€179.00
Daltaí den Lucht Siúil	€51.00	€51.00
Luath-idirghabháil ASD	€179.00	€179.00

4. Maoirseacht Airgeadais

Ba cheart an t-ioncam deontais a thaifeadadh go cuí i gcuntais na scoile.
Ní mór an cód cuntasaíochta seo a leanas a úsáid chun admháil an deontais a thaifeadadh.

Cód Ainmniúil	Cur síos	Cineál	Catagóir
3289	Deontas Costas Maireachtála Aonu	Ioncam	An Roinn Oideachais

Is féidir an caiteachas a thaifeadadh sa chuntas ainmniúil cuí atá ann cheana féin, mar shampla 5510 Costais Téimh nó 5550 Costas Solais agus Cumhachta.

5. Tagairt

Tá an treoirlíne seo bunaithe ar Ciorclán 0088/2024.

6. Tuilleadh Eolais

Ba cheart aon cheisteanna maidir le Ciorclán 0088/2024 a sheoladh chuig Rannán Airgeadais na Scoileanna ag sdfinfo@education.gov.ie.

Guthán: 01-910 4020 / primary@fssu.ie
An 21 Samhain 2024